

AN BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

# Tuarascáil Bhliantúil
2015

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscithe: An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) an 25 Márta 2003 faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000.

Is leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí cóipcheart na tuarascála seo de bhun alt 35(5) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Ní cheadaítear d'aon duine an tuarascáil seo ná aon chuid di a thairgeadh, a atáirgeadh nó a tharchur in aon fhoirm ná ar aon mhodh gan cead chuige sin go sainráite ón mBord Imscrúdú Taismí Muirí.

Tá saorchead úsáid a bhaint as an tuarascáil seo chun críche oideachais.

Arna fhoilsiú ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí © 2015

# Clár Ábhair

## Cuid 1


1. Ráiteas an Chathaoirligh 2

2. Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta 5

3. Réamhrá 8

4. Achoimre ar Theagmhais na Bliana 2015 9

5. Achoimre ar Thuarascálacha a Foilsíodh in 2015 11

6. Sampla de Chásanna a Foilsíodh in 2015 17

7. Comparáid idir Taismí Muirí sa Tréimhse 2006 - 2015 19


8. Treochtaí Básanna 2006-2015 20


## Cuid 2


Ráitis Airgeadais don tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2015 21


An English language version of this Report is available on the Board's website, www.mcib.ie;, or by request from the Secretary to the Board.

# Ráiteas an Chathaoirligh



**Cliona Cassidy, B.L.,**
Cathaoirleach

A Aire a Chara,

De réir mar a éilítear faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000, cuirim faoi do bhráid. an 13ú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) maidir leis an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015.

**Forléargas ar an mbliain 2015**

Ní raibh aon athrú ar líon na n-eachtraí-ar a raibh imscrúdú le déanamh; tharla seacht n-eachtra in 2014 agus 2015 araon. Cailleadh triúr de bharr taismí muirí in dhá theagmhas a bhain le hárthaigh iascaigh agus cailleadh beirt in dhá theagmhas a bhain le soithigh áineasa. Cailleadh cúigear gach bliain le dhá bhliain anuas. Tháinig laghdú ó a haon go dtí a náid sa bhliain 2015 ar líon na dteagmhais ar gortaíodh daoine dá mbarr.

Cuireadh BITM ar bun dhá bhliain déag ó shin agus tá 200 tuarascáil foilsithe ó shin i leith. Mar ab ionann leis an mbliain 2014 tharla seacht n-eachtra ar a raibh imscrúdú le déanamh i rith na bliana 2015 i ndáil le bás cúigear. D'fhoilsigh an Bord 10 dTuarascáil Chríochnúil i rith na bliana 2015.

Sheol an BITM láithreán gréasáin nua le breathnú dá chuid i mí Iúil 2015 - www.mcib.ie. Tá na tuarascálacha bliantúla ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge ar an láithreán gréasáin, mar a bhfuil gach tuarascáil a d'fhoilsigh an BTIM ó bunaíodh é. Tá nasc ar an leathanach baile chuig foirm thuairiscithe theagmhais in-íoslchóipeáilte. Is mór ag an mBord aon fhaisnéis a chuirfidh baill den phobal agus daoine eile nach bhfuil aon dualgas reachtúil orthu ar fáil. Tá oibleagáid ar dhaoine áirithe a mbaineann teagmhas dóibh é a thuairisciú (féach Alt 23 (1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000 (arna leasú) mar a léirítear thíos).

> *"An owner, charterer, master, skipper, person in charge, ship's agent, ship's manager or ship's husband of a vessel involved in a marine casualty shall, by using the quickest feasible means, notify the Board of the casualty immediately he or she is aware that the marine casualty has occurred or commenced, or as soon as practicable thereafter."*

Rinneadh ríshoiléir in dhá thuarascáil a foilsíodh i mbliana a riachtanaí atá sé uiscebhealaí intíre a thuiscint agus an cúram céanna a chleachtadh ina leith agus a chleachtaítear ar an bhfarraige mhór. Is mian leis an mBord a chur i gcuimhne do gach úsáideoir soitheach áineasa, go háirithe, go bhfuil sé den riachtanas eolas a chur ar an gceantar a bhfuil siad ag tabhairt cuairt air mar shampla teorainneacha luais agus contúirtí aitheanta eile. Ba chóir do dhaoine cúinsí aimsire agus solais le linn thréimhse na cuairte a mheas freisin, rud a rachaidh chun tairbhe dóibh chun aon turas a phleanáil agus chun tionóiscí a chosc. Ba chóir do dhaoine i mbun gach cineál fóillíochta ar uisce, lon teagaisc a bhain as an gCód Cleachtais um Fheidhmiú Sábháilte Árthaí Áineasa agus a chinntiú go bhfuil siad ag cloí leis an gCód.

Is gá a mheabhrú go láidir go mbaineann tábhacht ar leith le trealamh oiriúnach sábháilteachta a chur ar fáil do gach duine ar bord soithigh agus a choinneáil i gcaoi mhaith. Mar is léir ón achoimre ar na tuarascálacha a foilsíodh in 2015, is féidir le teagmhais tarlú go han-tapa agus ní féidir i gcónaí an chúis leis an teagmhas a dhéanamh amach ach is fearr go mór an toradh ar theagmhas do dhaoine ar bord trealamh tarrthála éifeachtach agus cuí a bheith ar fáil dóibh. Le go mbeidh trealamh sábháilteachta éifeachtach ní mór d'úinéirí agus d'úsáideoirí loinge a chinntiú go bhfuil an trealamh leordhóthaineach don líon daoine ar bord don aistear, go bhfuil an trealamh a choinneáil i gcaoi mhaith agus ar deireadh go bhfuil fáil go héasca ar an trealamh agus é réidh chun curtha chun feidhme i gcás éigeandála. I gcás teipe ar aon cheann de na heilimintí sin d'fhéadfadh an trealamh sábháilteachta bheith gan éifeacht.

Fáiltíonn an Bord roimh an gcomhthionscnamh idir Bord Iascaigh Mhara, Sábháilteacht Uisce na hÉireann agus RNL ag Is mian leis an mBord an tábhacht a bhaineann le húsáid raidiónna mara VHF ar muir agus ar uiscebhealaí intíre a lua in athuair. Bíonn craolachán raidió VHF á tharchur agus á ghlacadh ag stáisiúin raidió chósta agus ag soithí eile agus is cuid ríthábhachtach an gairis a bhaineann leis den trealaimh sábháilteachta ar cheart fáil a bheith air ar gach soítheach. Tá an Bord tiomanta do thacaíocht a thabhairt do chuspóirí mar a leagtar amach iad sa Straitéis um Shábháilteacht Mhuirí a seoladh in2015.

### Bearta Imscrúdúcháin Seachtracha maidir le Taismí

Painéal seachtrach imscrúdaitheoirí an Bhoird ba ea a rinne na himscrúduithe uile ar thaismí. Daoine a bhfuil cáilíochtaí teicniúla acu mar ailtirí muirí, mar innealtóirí muirí nó mar oifigigh deice atá ar an bpainéal agus tá réimse leathan d'inniúlacht agus de shaineolas acu ar chúrsaí mara.

### Tuarascálacha a foilsíodh i rith na bliana 2015

D'fhoilsigh an Bord 10 dTuarascáil Chríochnúla i rith na bliana 2012 a dtugtar sonraí iomlána ina leith ar leathanach 11 go dtí leathanach 16.

### Teagmhais na bliana 2015

Chuir an Bord tús le himscrúduithe ar sheacht dteagmhas in 2015; déantar achoimre ar shonraí na dteagmhas sa tábla thíos. Leagtar amach sonraí iomlána na n-eachtraí go léir ar leathanach  9 go dtí  leathanach 10. Bhain ceithre cinn de na heachtraí le tionscal na hiascaireachta; bhain dhá cheann le hearnáil an chaitheamh aimsire agus bhain teagmhas amháin le long lasta ghinearálta.

Ba mhaith leis an mBord comhbhrón a dhéanamh le gach duine ar mhéala dóibh na heachtraí sin.

| Earnáil | Teagmhais | Dul faoi | Cásanna Báis | Cásanna Gortaithe |
|---|---|---|---|---|
| Iascaireacht | 4 | 2 | 3 | NÁID |
| Long Lasta Ghinearálta | 1 | NÁID | NÁID | NÁID |
| Árthach Áineasa | 2 | 2 | 2 | NÁID |
| Bád Paisinéara | NÁID | NÁID | NÁID | NÁID |
| **Iomlán** | **7** | **4** | **5** | **NÁID** |

### Báid Iascaigh

Bhain ceithre theagmhas le hárthaigh iascaigh; cailleadh daoine in dhá theagmhas díobh.

- Tarrtháladh cúigear criú nuair a chuaigh bád iascaigh go tóin poill go tapa amach ó Butt of Lewis, Inse Ghall, Alban ar an 20 Eanáir, 2015.
- D'iompaigh bád iascaigh ar a béal fúithi amach ó Chalafort Ros Láir, Contae Loch Garman ar an 11 Feabhra 2015 nuair a chuaigh bollán mór i bhfostú ina dreidire.
- Cailleadh Iascaire nuair a thit sé thar bord a shoithigh ag Corrán Binne, Contae Dhún na nGall ar an 16 Meitheamh 2015.
- Fuair dhá iascairí bás ar bord a soithigh ag Calafort na gCealla Beaga, Contae Dhún na nGall ar an 24 Lúnasa, 2015.

### Árthach Áineasa

Bhain dhá theagmhas le báid áineasa; cailleadh daoine sa dá chás.

- Cailleadh fear nuair a chuaigh an t-árthach ina raibh sé go tóin poill gar do na hOileáin Sailte, Contae Loch Garman ar an 29 Lúnasa, 2015.
- Tuairiscíodh fear bheith ar iarraidh nuair a theip air filleadh ó thuras iascaireachta i gContae Mhaigh Eo ar an 11 Meán Fómhair 2015. Fuarthas a chorp 14 lá ina dhiaidh sin.

### Longa Lastais

- Rinneadh damáiste do long lasta tar éis dá bonn dul i dteagmháil le grinneall na farraige agus í ar ancaire i gCalafort Grianfort, Contae Lú ar an 28 Meán Fómhair, 2015.

Tugtar táblaí mionsonraithe faoi eachtraí a tharla i rith na mblianta ó 2006 go dtí 2015 ar leathanaigh 19 agus 20 sa tuarascáil seo. Anseo thíos tá achoimre ar na teagmhais uile sna blianta sin.

| | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cásanna Báis | 10 | 17 | 9 | 6 | 18 | 7 | 13 | 6 | 5 | 5 |
| Cásanna Gortaithe | 1 | 2 | Nil | Nil | 2 | Nil | 4 | Nil | 1 | 0 |
| Árthaigh lena mBaineann | 12 | 20* | 10 | 6 | 18 | 12** | 17 | 6 | 7 | 7 |

*Fágtar as an áireamh san fhigiúr sin an teagmhas ag Geallta Bád Dhún Laoghaire in 2007 a bhain le go leor bád beag, báidíní calaidh agus bád docht inséidte (BDI).
** Fágtar as an áireamh san fhigiúr sin an teagmhas ag Ceann Chlochair sa bhliain 2011 a raibh cuid mhór cadhaiceanna agus páistí i gceist leis.

### Cúrsaí Airgeadais

De réir thaifead an Bhoird don bhliain airgeadais dár chríoch 31 Nollaig 2015 bhí farasbarr oibriúcháin de €37,339, agus dá thoradh sin farasbarr carntha de €7,953 sna blianta 2002 – 2015. Leagtar amach ráitis airgeadais lániniúchta ar na leathanaigh 21 go 32 sa Tuarascáil seo.

### Eitic in Oifigí Poiblí

Bhí forálacha agus coinníollacha uile na nAchtanna Eitice agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 á gcomhlíonadh i rith na bliana 2015 ag comhaltaí uile an Bhoird.


### Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo chomhghleacaithe ar fad ar an mBord as a ndúthracht leanúnach i rith na bliana 2015 arb é bun agus barr an rath atá ar an mBord.

Níorbh fhéidir aon chuid den obair a bhíonn ar siúl again a dhéanamh d'uireasa phainéal éifeachtach na n-imscrúdaitheoirí againn, agus Tom Power, an tImscrúdaitheoir Comhordaitheoir. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur i bhfocal as an dícheall a rinneadar le linn dóibh Tuarascálacha a tháirgeadh i rith na bliana.


Ní mór obair na Rúnaíochta a admháil freisin; níorbh fhéidir don Bhord feidhmiú gan a gcuid scileanna agus taithí oibre. Ba mhaith liom mo bhuíochtas a ghabháil dóibh thar ceann an Bhoird as a dtiomantas agus as an obair chrua a rinne siad d'ainneoin a dhúshlánaí is a bhí an comhshaol agus a ghainne is a bhí na hacmhainní.

Is mian liom, mar fhocal scoir, ár mbuíochas don Aire agus dá chuid oifigeach, a chur in iúl mar gheall ar an gcúnamh a tugadh don Bhord i rith na bliana 2015.



CLIONA CASSIDY, B.L.,
CATHAOIRLEACH

# Comhaltaí an Bhoird agus Eolas Ginearálta



Cathaoirleach:
**Cliona Cassidy, B.L.,**



Leas-Chathaoirleach:
**Mr. Brian Keane**



Comhalta Boird:
**Micheál Frain**



Comhalta Boird:
**Mr. Brian Hogan, Príomhshuirbhéir An Roinn Iompair`, Turasóireachta agus Spóirt**



Comhalta Boird:
**Mr. Jurgen Whyte, Príomhchigire maidir le hAerthionóiscí, An tAonad um Imscrúdú Aerthionóiscí (AAIU), An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt**

| | |
|---|---|
| Rúnaí: | Margaret Bell |
| Rúnaíocht: | Assumpta Dowd<br>Hugh Carney |
| Oifig Chláraithe: | Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2 |
| Teileafón: | 01 - 6783485 |
| Faics: | 01 - 6783493 |
| Ríomhphost: | info@mcib.ie |
| Láithreán Gréasáin: | www.mcib.ie |
| Iniúchóirí: | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Foirgneamh an Státchiste,<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath,<br>Baile Átha<br>Cliath 2 |

Seo a leanas roinnt eolais ghinearálta maidir leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM).

## Bunú an Bhoird

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000.

## Feidhm an Bhoird

Is é feidhm atá le BITM imscrúdú a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar a shainmhínítear sin in Alt 2 den Acht. Le linn don BITM na feidhmeanna a dhéanamh, comhlíontar forálacha Chód Imscrúdú Taismí Muirí na hEagraíochta Taismí Muirí Idirnáisiúnta agus Treoir 2009/18/CE an AE a rialaíonn imscrúdú tionóiscí in earnáil an mhuiriompair. Is trí I.R. 276 de 2011 a chuirtear Treoir 2009/18/CE i bhfeidhm faoi dhlí na hÉireann.

**Ciallaíonn Taisme Mhuirí eachtra nó próiseas trína gcuirtear faoi deara nó trína mbagraítear:**

(a) bás nó tromghortú duine;

(b) duine a chailleadh thar bord;

(c) caillteanas suntasach nó tráchur nó díobháil d'árthach nó do mhaoin, nó imbhualadh le hárthach nó le maoin; nó

(d) díobháil shuntasach don chomhshaol,

i ndáil le hoibriúchán:

(i) árthach in uiscí na hÉireann;

(ii) árthach atá cláraithe in Éirinn, in uiscí in áit ar bith; nó

(iii) árthach a bhíonn suite nó feistithe de ghnáth in uiscí na hÉireann agus atá faoi stiúir duine is cónaitheoir den Stát, in uiscí idirnáisiúnta atá tadhlach le huiscí na hÉireann.

**Is é an cuspóir atá le gach imscrúdú:**

1. Cúis nó cúiseanna taisme mhuirí a dhéanamh amach.
2. Tuairisc a thabhairt ar an taisme mhuirí d'fhonn moltaí a dhéanamh maidir le modhanna chun a macasamhail de thaisme mhuirí a sheachaint.

***Is den tábhacht go dtugtar chun aire NACH é a bhíonn de chuspóir le beart imscrúdúcháin locht ná milleán a leagan ar dhuine faoi leith. Ní dhéanann an Bord ionchúiseamh. Aon ionchúiseamh a eascraíonn as aon taisme is feidhm é de na Comhlachtaí Reachtúla, a leithéidi An Garda Siochána, etc.***

## Stádas

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an BITM arna mhaoiniú ag an Oireachtas faoi Alt 19 den Acht.

Cuirtear cóip den tuarascáil chríochnúil maidir le gach beart imscrúdúcháin faoi bhráid an Aire d'fhonn na moltaí a dhéantar inti a bhreithniú. Cuirtear na tuarascálacha uile ar fáil don phobal (ar a n-iarraidh) saor ó tháille nó is féidir iad a fháil de láithreán gréasáin BITM ag www.mcib.ie;.

# Bearta Imscrúdúcháin & Tuarascálacha
2015

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscíochta: 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015

# Réamhrá

Ó bunaíodh an Bord sa bhliain 2002 go dtí deireadh na bliana 2015, tá tuarascálacha foilsithe ag an mBord faoi dhá chéad cás.

Léirítear leis na staitisticí sa Tuarascáil seo na cineálacha éagsúla soitheach a bhí i gceist agus na cúiseanna a bhí le gach teagmhas, agus tugtar léargas don léitheoir ar scóip agus ar chineál obair an Bhoird. Go dtí seo, coinnníodh na formáidí tuairiscíochta i bhfoirm sheasmhach ionas gur féidir comparáid a dhéanamh le teagmhais agus le tuarascálacha na mblianta atá caite.

Foilsítear na tuarascálacha uile ar láithreán gréasáin an Bhoird, www.mcib.ie;, agus bíonn líon teoranta cóipeanna ar fáil i bhfoirm phriontáilte ach iarratas a sheoladh chuig an Rúnaíocht.

# Achoimre maidir le hEachtraí a tharla i rith na bliana 2015

## An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015

Seo iad na heachtraí a tharla i rith na bliana 2015 a bhfuil an Bord i mbun imscrúdúcháin orthu.

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA AN TEAGMHAIS | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | CÁSANNA BÁIS |
|---|---|---|---|---|---|
| **MFV Iúda Naofa** | 20 Eanáir 2015 | Árthach Iascaigh <24m | Dul faoi uisce | Ar an 17 Eanáir, 2015, d'fhág an t-árthach iascaigh Éireannach '*MFV Iúda Naofa*' ina raibh cúigear criú Ros a 'Mhíl. Ar maidin an 20 Eanáir, 2015 ag am éigin idir 09.00 uair an chloig agus 09.30 fógraíodh aláram ruma cheann an bháid agus bhí uisce le feiscint sa ruma. Cuireadh na caidéil ar siúl ach níorbh fhéidir stop a chur leis an sreabhadh uisce. Chuaigh an soitheach go tapa chun tóin poill ach tarrtháladh na baill chriú uile. | 0 |
| **FV Quo Vadis** | 18 Feabhra 2015 | Árthach Iascaigh <15m | Dul faoi uisce | Ar 11 Feabhra 2015, d'fhág an t-árthach iascaigh Éireannach '*FV Quo Vadis*' Calafort Ros Láir agus triúr criú ar bord. Díreach tar éis 07.00 uair an chloig thosaigh an t-árthach ag iascaigh sceana mara le dreidire gar do Chalafort Ros Láir. Thart ar 12.00 uair an chloig, ag deireadh babhta dreidireachta, tugadh faoi deara go raibh an dreidire níos troime ná mar ba ghnáth agus nuair a ardaíodh chun an dromchla é chonacthas bollán mór ann. Rolladh an t-árthachar bhorradh farraige; chuaigh sí faoi uisce ar an toirt agus caitheadh an triúr criú san uisce faoi bhonn an árthaigh. Shnamh siad go barr uisce agus tarrtháladh fad. | 0 |
| **MFV Our Jenna** | 16 Meitheamh 2015 | Árthach Iascaigh <15m | Eachtra báis | Ar an 16ú Meitheamh 2015, d'fhág an '*MÁI Ár Jenna*' Port na Bláiche, Co. Dhún na nGall thart 06.00 uair an chloig. Bhí beirt ar bord an an tsoithigh. Thart ar 13.30 uair an chloig thit fear amháin thar bord. D'éirigh leis an gCaptaen greim a fháil ar an bhfoirneoir agus é a dhaingniú sa uisce, líne mórthimpeall a choim. Cuireadh fios ar na seirbhísí tarrthála. Aistríodh an duine ar tharla an taisme dó go dtí an héileacaptar SAR agus tugadh chun Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall é, áit ar dearbhaíodh go raibh sé marbh. | 1 |
| **FV Oileán an Óir** | 24 Lúnasa 2015 | Árthach Iascaigh >24m | Eachtra báis | Fuair beirt fhear bás agus iad ag obair ar bord '*FV Oileán an Óir*' le linn di bheith taobh le Town Pier, Calafort na gCealla Beaga Co. Dhún na nGall ar an 24 Lúnasa 2015. | 2 |
| **Jillian** | 29 Lúnasa 2015 | Árthaigh Áineasa | Dul faoi uisce | Ar an Satharn an 29 Lúnasa 2015, sheol an Úinéir / Captaen an Dóraí, '*Jillian*', ó Ché na Cille Móire chun grúpa deichniúr a thabhairt ar eachtra iascaireachta i gcóngar na nOileáin Sailte. Iombhádh an t-árthach agus d'iompaigh sí ar a béal fúithi. D'éirigh le gach a raibh sa sotheach seachas aon duine amháin dreapadh go barr na cabhlach iompaithe bun os cionn agus fanacht ansin go dtí gur tarrtháladh iad. Tharrtháil bád. farantóireachta gach duine den deichniúr. Aistríodh duine amháin den ghrúpa chuig bád tarrthála Ché na Cille Móire agus ansin rinneadh é a aertharlú le R117 go dtí Ospidéal Phort Láirge áit ar dearbhaíodh to raibh sé marbh. | 1 |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA AN TEAGMHAIS | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | CÁSANNA BÁIS |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cara Rose** | 11 Meán Fómhair 2015 | Árthach Áineasa | Taisme Marfach | Ar maidin an 11 Meán Fómhair, 2015 d'fhág an soitheach, '*Cara Rose*' cé ag Barr na Rinne, Co. Mhaigh Eo agus duine amháin ar bord. Ag 17.00 uair an chloig ní raibh aon teagmháil fós déanta ag an soitheach agus d'fhógair ball den teaghlach go raibh rudaí cearr. Chonaic Bád Tarrthála an Bhaile Ghlais an soitheach agus í go dona damáistithe ag 19.04 uair an chloig ar an gcladach faoi haillte gan aon duine ar bord. Leanadh de chuardach cuimsitheach a dhéanamh ar feadh 14 lá breise tráth ar tógadh corp ón fharraige. Ainmníodh ina dhiaidh sin é mar úinéir an soithigh a bhí ar iarraidh. | 1 |
| **MV Cielo Di Monaco** | 28 Meán Fómhair 2015 | Long Lasta Ginearálta | Dul ina suí | Ar an Domhnach an 27 Meán Fómhair 2015 bhí long lasta 39,000 tona, '*MV Cielo Di Monacó*', le céibh ag Calafort an Ghrianfoirt. An mhaidin dár gcionn thug an Príomhoifigeach faoi deara go raibh an chuid chun tosaigh den-árthach ina suí ar talamh. Rinneadh imscrúdú breise agus chonacthas go raibh uisce ag teacht isteach san umar ballasta i gceann na loinge. Rinne tumadóirí iniúchadh ina dhiaidh sin agus fuarthas amach go raibh damáiste déanta taobh istigh den umar don phlátáil chabhlach agus do fhrámaí an tsoithigh. | 0 |

# ACHOIMRE AR THUARASCÁLACHA A FOILSÍODH IN 2015

An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **MFV Dean Leanne** | 9 Feabhra 2015 | Árthach Iascaigh <15m | Dul faoi uisce | D'fhág bád iascaigh oscailte, an '*MFV Déan Leanne*', 5.91 méadar (m) L.O.A., atá cláraithe in Éirinn, Dún Mór ag 06.53 uair an chloig ar an 12 Meitheamh, 2013; bhí triúr criú ar bord agus é ar intinn acu potaí a bhí leagtha i mBá na Trá Móire a athleagan. Tuairiscíodh an soitheach bheith ar iarraidh agus cuireadh de chúram ar na seirbhísí éigeandála dul ar a lorg. Ag 17.58 uair an chloig chonacthas ó R117 an chéad chorp san uisce. Tugadh na trí chorp as n uisce faoi cheann 18.14 uair an chloig. Thángthas ar an soitheach iompaithe ar a béal fúithi agus í faoi uisce go páirteach. | 3 bás | Níor oibríodh an soitheach i gcomhréir leis na coinníollacha mar a leagadh amach iad sa Dearbhú Comhlíontaids aici a bhí neamhbhailí toisc go raibh sí ag oibriú lasmuigh dá limistéar oibríochtúil sainithe. B'fhéidir gur oibriú gaoithe nó tonn farraige nó meascán den dá cheann a chuaigh i bhfeidhm uirthi. Ba shin ba chúis leis b'fhéidir gur tháinig uisce isteach thar thaobh an bháid agus gur cailleadh an barrachas snámhachta a bheadh ar fáil agus í luchtaithe, rud a d'fhág go ndeachaigh sí síos. |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **STV Astrid** | 11 Feabhra 2015 | Long Paisinéara | Dul faoi uisce | Bhí sé socraithe roimh ré go mbeadh an long ar cheann den chabhlachán bád a ghlacfadh páirt i bhféile seoltóireachta ar an 24 Iúil, 2013 Thóg an long a hancaire agus ar aghaidh léi amach as Cuan Oisrí, í ag baint úsáide as cumhacht innill. A fhad is a bhíothas ag ardú seolta bhí an t-inneall á úsáid ag an long fós agus ghluais sí ar aghaidh i dtreo siar ó dheas ar luas de thart ar 3 muirmhíle. Thart ar 11.40 uair chlis ar an inneall agus ní raibh an long in ann teacht saor faoi sheol ón staid ba chúis leis an '*STV Astrid*' dul ina suí ar chósta 0.7 muirmhíle ar an taobh thiar thuaidh den Big Sovereign, díreach taobh amach ó Chuan Oisrí. Cuireadh fios ar na seirbhísí tarrthála. agus aslonnaíodh go sábháilte na hoiliúnaithe agus an criú uile agus cuireadh i dtír iad i gCionn tSáile gan aon duine díobh bheith gortaithe. Chuaigh an long go tóin poill ach tarrtháladh ina dhiaidh í agus meastar gur díscríobh í mar shócmhainn. | 0 | Is féidir a rá gurbh í an chúis dhíreach leis go ndeachaigh an long ina suí ar talamh agus go tóin poill ina dhiaidh sin gur cailleadh an chumhacht sa phríomhinneall. Stop an t-inneall mar gheall ar an bhreosla bheth éillithe le huisce úr. Mar sin féin, ba é an chúis ba phríomha le dul i suí na loinge nár oibríodh an long ar mhodh sábháilte i gcomhréir leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta. |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **FV Napier** | 5 Márta 2015 | Árthach Iascaigh <15m | Dul faoi uisce | Ar an tráthnóna 30 Eanáir, 2014 bhí an t-árthach iascaigh an '*FV Napier*' a raibh an Captaen agus foirneoir amháin ar bord inti ag lorg potaí gliomaigh ar sreang, a bhí anois ar iarraidh, le cúnamh croch thógála amach ó na hOileáin Sailte, Loch Garman. Tháinig an t-uisce isteach ina tuile go tapa sa spás ruma agus innill. Thréig an bheirt fhear an t-árthach ar bord rafta tarrthála agus chuaigh an t-árthach faoi uisce. Rug soitheach iascaigh eile as an bhfarraige iad agus ansin aistríodh go dtí Bád Tarrthála Ché na Cille Móire agus tugadh i dtír iad go sábháilte. | 0 | Níor aimsíodh ná níor aisghabhadh an t-árthach agus dá bhrí sin níorbh fhéidir cúis tagtha isteach an tuile uisce sa spás ruma agus innill. a dhéanamh amach go cinnte. Ach is táscaire a thapa a chuaigh an t-árthach go tóin poill de theip thubaisteach de chuid den chóras fuaraithe uisce farraige chuig an-inneall. |
| **HHL New York** | 3 Bealtaine 2015 | Long Lasta Ginearálta | Dul ina suí | Bhí na hoibríochtaí a bhain le teacht le céibh den '*MV HHL New York*' ag calafort na Fianaite críochnaithe ag 17.15 uair an chloig ar an 1 Samhain 2013. I rith na hoíche, theip ar an bhfáinne feistithe ar taobh na cé. Thit an soitheach chun deiridh agus ar clébhord, rud ba chúis leis na rópaí tosaigh a scarúint. De réir mar a thit an t-árthach chun deiridh teagmhaigh sí leis an soitheach iascaigh '*MFV Aigéan Dawn*'. agus rinne sí damáiste di. Ag baint úsáide as a cumhacht féin. dhaingnigh an long í féin leis an gcéibh. | 0 | Ba é an t-árthach ró-mhór don leaba leis an gcéibh. Bhí cead isteach ar an gcalafort ag an árthach ó na húdarás calafoirt, a bhí feasach faoina méid agus faoi réamhaisnéis na haimsire. |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Zillah** | 6 Meitheamh 2015 | Árthach áineasa - Seoltóireachta | Dul faoi uisce | Ar an gCéadaoin 13 Lúnasa, 2014, thug an duine nach maireann dá chara leis ag seoladh ina Lugar Drascombe '*Zillah*' i gcóngar Chuan na Scoilen, An Scoil, Co. Chorcaí. Le linn dóibh bheith i mbun seoltóireachta bhordáil an soitheach go neamhdheonach, d'iompaigh sí ar a béal fúithi agus caitheadh an triúr a bhi inti amach ar uisce. Rinne an triúr iarracht snámh go dtí Oileán an Chaisleáin. D'éirigh leis an mbeirt aíonna a mbealach a dhéanamh go cladach agus dhreap na carraigeacha ansin, ach níor éirigh leis an gCaptaen/Úinéir teacht chomh fada leis an gcladach. Eitlíodh an bheirt aíonna ó Oileán an Chaisleáin an lá dár gcionn. Níos déanaí an mhaidin sin thángthas ar chorp an duine éagtha agus tugadh go Dún na Séad é. | 1 bás | An tráth ar bhordáil an soitheach go neamhdheonach agus ar ardaigh sí, bhí neamhchleachtadh ar a leithéid ag an gcriú agus ní raibh freagairt cheart dá réir acu ar a raibh ar tí titim amach a d'fhág gur iompaigh an soitheach ar a béal fúithi. Níl an Lúgar Drascombe feistithe le meicníocht chun an pláta láir a choinneáil sa chás go mbeadh an láthair sínte, agus bhíothas ag brath ar dhomhantarraingt lena choinneáil thíos. |
| **Srúibh Brain** | 17 Meitheamh 2015 | Árthach Áineasa | Dul faoi uisce | Ar an 28 Meitheamh 2014, d'fhág soitheach Cé Phort Lín, Gleann Gad, Co. Dhún na nGall ar a bealach chuig Cionn an Ghabha chun potaí gliomaigh a chur. Chonaic finné an t-árthach ag imeacht thart ar 04,45 uair an chloig (UTC). Ag thart ar 09.45 uair an chloig, fuarthas úinéir an tsoithigh ar snámh san uisce ar an taobh ó thuaidh de Chionn an Ghabha. Cuireadh fios ar na seirbhísí éigeandála agus tháinig siad ar an láthair. Aistríodh an corp go dtí Bád Righin Inséidte (RIB) de chuid Ghardaí Cósta na hÉireann agus tugadh chuig Caisleán Nua, Co. Dhún na nGall é, áit ar dearbhaíodh go raibh an duine marbh. | 1 bás | Ní féidir a rá go soiléir conas a tharla an taisme. Ach mar sin féin bhí an soitheach ag tógáil potaí nó ag cur potaí ar sreang Dúirt Captaen soithigh eile gur cuireadh baoite i gcuid de na potaí, rud a léiríonn go raibh siad á gcur nuair a tharla an eachtra. An t-aon fhianaise shoiléir a bhí ann ba ea rópa a bhí i dtranglam san fhearsaid tiomána a bhí ceangailte go díreach le pota gliomaigh a bhí i bhfostú idir dhá charraig. |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **MFV Mollys Quest** | 13 Iúil 2015 | Árthach Iascaigh >15m | Dul faoi uisce | Ar maidin an 15 Iúil, 2014 d'fhág '*MFV Molly's Quest*' a raibh triúr ar bord inti Cuan Ros Láir chun dul ag iascaigh éisc rásúir ó thuaidh ón gcuan Tar éis ocht n-uaire iascaireachta thosaigh miontrioblóidí meicniúla ag cur as don árthach. Réitíodh na fadhbanna meicniúla go sealadach, ach go gairid ina dhiaidh sin shín an t-árthach go huillinn chun clébhoird agus chuaigh sí faoi uisce. Thréig an criu an bád agus tháinig dhá bhád eile a bhí i mbun iascaireachta éisc rásúir chucu go gairid ina dhiaidh sin agus rug as an uisce iad. | 0 | Aisghabhadh an soitheach agus rinneadh scrúdú uirthi ach ní fuarthas aon fhianaise maidir leis an fáth go ndeachaigh sí ar a béal fúithi. Cuireadh agallaimh ar an gCaptaen agus ar an gcriú ach ní fuarthas aon ní eile amach maidir le cúis an iompaithe. Níorbh fhéidir dá bhrí sin a dhéanamh amach go cinntitheach céard ba chúis iarbhír leis an taisme. |
| **Bá Hodson** | 5 Lúnasa 2015 | Árthach Áineasa | Dul faoi uisce | Ar an Déardaoin 20 Márta, 2014 chuaigh grúpa seisear ar aistear go dtí Bá Hodson i gCo. Ros Comáin chun dul i mbun iascaireachta ar Loch Rí le dhá bhád agus riar mór de threalamh campála. Scair siad ó chéile ina ndhá, ghrúpa. ceathrar acu ag imeacht leo in dhá bhád ag tóiríocht talamh campála oiriúnach. Tar éis dóibh suíomh a aimsiú d'fhill bád amháin ina raibh duine amháin ar ais chun an bheirt eile den ghrúpa a thabhairt leo. Go gairid ina dhiaidh sin, fógraíodh go raibh rudaí cearr agus ina dhiaidh sin tharraing an RNLI beirt as an uisce. Dearbhaíodh go raibh duine acu marbh agus scaoileadh an duine eile amach as an ospidéal tar éis cúig lá. Rinneadh cuardach cuimsitheach ar an loch agus aisghabhadh an bád ar an Máirt, 1 Aibreán 2014. Ar an Domhnach 6 Aibreán, 2014 fuarthas corp an tríú fear. | 2 B/1 G | An saorbhord íseal, i dteannta an sprae agus na dtonnta de bharr na siotaí gaoithe suas le 35 muirmhíle san uair ba chúis is dócha leis gur tháinig an uisce thar gunailí an bháid isteach agus ina dhiaidh sin thosaigh sí ag dul faoi ag a deireadh. |

| AINM AN tSOITHIGH/ TEAGMHAIS | DÁTA FOILSITHE | CINEÁL AN ÁRTHAIGH | CINEÁL AN TEAGMHAIS | ACHOIMRE | GORTÚ/ BÁS | AN CHÚIS LEIS AN TEAGMHAS |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Abhainn Inchavore** | 10 Meán Fómhair 2015 | Árthach Áineasa | Dul faoi uisce | Ar an 13 Samhain 2014 rinne dhá ghrúpa cadhaiceoirí iarracht teacht anuas Abhainn Inchavore i gCo Chill Mhantáin. Thosaigh siad amach in dhá ghrúpa faoi leith. Tharla deacrachtaí do cheann amháin de na cadhaiceoirí sa chéad ghrúpa agus scaradh on gcuid eile den ghrúpa e. Fuarthas gan aithne gan urlabhra e ina dhiaidh sin agus níorbh fhéidir é a athbheochan. | 1 | Chuaig cadhaiceoir amháin i sáinn go sealadach i bpoll ag deireadh cuid den abhainn. D'iompaigh an cadhc ar a béal fúithi ina dhiaidh sin agus scuabadh an cadhaiceoir amach aisti. |
| **FV Quo Vadis** | 17 Nollaig 2015 | Árthach Iascaigh <15m | Dul faoi uisce | Ar 11 Feabhra 2015, d'fhág an t-árthach iascaigh Éireannach '*FV Quo Vadis*' Calafort Ros Láir agus triúr criú ar bord. Ag thart ar 12.00 uair an chloig, ag deireadh babhta dreidireeachta, tugadh faoi deara go raibh an dreidire níos troime ná mar ba ghnách agus bhíothas amhrasach faoi go mb'fhéidir go raibh sreang nó téad i dtranglam. Tarlaíodh an dreidire go barr uisce agus chonacthas go raibh bollán mór ann. Trimeáladh an soitheach go suntasach ag a deireadh. Rolladh an soitheach ar bhorradh farraige; d'iompaigh sí ar a béal fúithi ar an toirt agus caitheadh an triúr criú san uisce faoi bhonn an tsoithigh. Shnamh siad suas go barr uisce ó faoin soitheach agus chuaigh sin faoi uisce go tapa. Chonacthas an teagmhas ó stáisiún bád tarrthála Chalafort Ros Láir agus fógraíodh go rabhthas i gcruachás. Bhí dhá shoitheach iascaireachta sa chóngar a thóg na baill chriú as an uisce agus ansin thug Seirbhís na mBád Tarrthála i dtír iad. | 0 | D'ardaigh an soitheach oiread meáchan gur tharla trimeáil iomarcach, caillteanas saorbhoird agus airde meitealárnaí agus dá thoradh sin tháinig uisce ar an deic. Chuir éifeacht saordromchla an uisce sin móide í bheith rollta leis an tonn faoi deara gur iompaigh an soitheach ar a béal fúithi go tobann. Ní raibh béal an dreidire feistithe le barraí cosanta ionas go mbeadh cosc ar rudaí móra dul isteach ann. Ní raibh aon srian ar cumhacht an chrainn tochrais agus bhí sé ar chumas an árthaigh dá réir a leithéid d'ualach trom agus contúirteach a ardú. |

Maidir le heolas breise faoi aon cheann ar bith de na teagmhais seo a ndearnadh imscrúdú orthu tagraítear don láithreán gréasáin, www.mcib.ie;

# Sampla de na Cásanna a Foilsíodh in 2015

An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015

Is mian leis an mBord aird faoi leith a tharraingt ar na ceithre thuarascáil a leanas a foilsíodh in 2015.

## MFV DEAN LEANNE




D'fhág soitheach iascaigh oscailte, an '*MFV Déan Leanne*', 5.91 méadar (m) L.O.A., atá cláraithe in Éirinn, Dún Mór ag 06.53 uair an chloig ar an 12 Meitheamh, 2013; bhí triúr criú ar bord agus é ar intinn acu potaí a bhí leagtha i Bhá na Trá Móire a athleagan. Tuairiscíodh an soitheach bheith ar iarraidh ag 17.29 uair a chloig agus cuireadh de chúram ar na seirbhísí éigeandála dul ar a lorg. Ag 17.58 uair an chloig chonacthas an chéad chorp san uisce ón héileacaptar R117 atá bunaithe i bPort Láirge. Tugadh trí chorp as an uisce faoi cheann 18.14 uair an chloig. Bád Tarrthála Dhún Mór a tháinig ar dhá chorp agus an ba é an héileacaptar R117 atá bunaithe i bPort Láirge a tháinig ar an gcorp eile.

## STV ASTRID




Bhí an soitheach, 42 méadar (m) ar fhaid atá cláraithe san Ollainn. long paisinéara oiliúna seoltóireachta, de dhéantús cruach, bruig-fheistithe ar ancaire, i Leaba Ancaire Chuan Oisrí, Co. Chorcaí ag thart ar 14.00 uair an chloig ar an 23 Iúil 2013. Ar theacht isteach di chuig Cuan Oisrí, bhí an Máistir, agus triúr criú buan, cócaire sealadach, meantóir agus 24 dhuine faoi oiliúint/paisinéir ar bord. Bhí na hoiliúnaithe san aoisghrúpa idir 15 agus 24 agus bhí ocht náisiúnach Éireannacha ina measc. Maidir leis na hoiliúnaithe eile, náisiúnaigh na hÍsiltíre a bhí i gceathrar acu, náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe a bhí i dtriúr acu; náisiúnaigh Franceacha a bhí i seisear acu; bhí beirt acu ina náisiúnaigh Bheilgeacha agus duine amháin ina náisiúnach Spáinneach. Bhí sé socraithe roimh ré go mbeadh an long ar cheann den chabhlachán bád a ghlacfadh páirte i bhféile seoltóireachta idir Cuan Oisrí agus Cionn tSáile ar an 24 Iúil, 2013. Thóg an long an t-ancaire agus ar aghaidh amach as Cuan Oisrí léi ag baint úsáide as cumhacht innill. Ag thart ar 11.35 uair an chloig bhíothas ag ardú na seolta agus athraíodh an cúrsa. A fhad is a bhíothas ag ardú seolta bhí an t-inneall fós á úsáid ag an long agus bhí sí ag gluaiseacht ar aghaidh i dtreo siar ó dheas ar luas de thart ar 3 muirmhíle. Thart ar 11.40 uair chlis ar an inneall agus ní raibh an long in ann teacht saor faoi sheol ón staid ba chúis leis an '*STV Astrid*' dul ina suí ar chósta 0.7 muirmhíle ar an taobh thiar thuaidh den Big Sovereign, oileán beag suite díreach amach ó Chuan Oisrí. Cuireadh fios ar na seirbhísí tarrthála. agus aslonnaíodh go sábháilte na hoiliúnaithe agus an criú uile agus cuireadh i dtír iad i gCionn tSáile gan aon duine díobh bheith gortaithe. Chuaigh an long go tóin poill ach tarrtháladh ina dhiaidh í agus measadh gur dhíscríobh í mar shócmhainn.

## BÁ HODSON



Ar an Déardaoin 20 Márta, 2014 chuaigh grúpa seisear ar aistear go dtí Bá Hodson i gCo Ros Comáin chun dul i mbun iascaireachta ar Loch Rí, dhá bhád ina seilbh acu agus riar mór de threalamh campála. Ar theacht go dtí ceann acríbe dóibh scair siad ó chéile ina ndhá, ghrúpa. ceathrar acu ag imeacht leo in dhá bhád ag taisteal soir ó thuaidh ag lorg talamh campála oiriúnach. D'fhan an bheirt eile den ghrúpa san áit a raibh siad. Tar éis dóibh suíomh campála a aimsiú d'fhill bád amháin a raibh duine amháin inti ar ais chuig an mbeirt eile den ghrúpa d'fhonn iad a thabhairt leo. Go gairid ina dhiaidh, fógraíodh go raibh rudaí cearr agus ina dhiaidh sin thóg an RNLI beirt as an uisce. Dearbhaíodh go raibh duine acu marbh agus scaoileadh an duine eile amach as an ospidéal tar éis cúig lá. Rinneadh cuardach cuimsitheach ar an loch agus aisghabhadh an bád ar an Máirt 1 Aibreán 2014. Ar an Domhnach 6 Aibreán, 2014 fuarthas corp an tríú fear.

## ABHAINN INCHAVORE



Ar an 13 Samhain 2014 rinne dhá ghrúpa cadhaiceoirí iarracht teacht anuas Abhainn Inchavore i gCo Chill Mhantáin. Thosaigh siad amach in dhá ghrúpa faoi leith. Tharla deacrachtaí do cheann amháin de na cadhaiceoirí sa chéad ghrúpa agus scaradh on gcuid eile den ghrúpa e. Fuarthas gan aithne gan urlabhra e ina dhiaidh sin agus níorbh fhéidir é a athbheochan.

# Comparáid Idir Básanna Muirí 2006 - 2015

| Cineál an Árthaigh | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Báid/Soithigh Phaisinéara** | | | | | | | | | | |
| Ro-Ro Idirnáisiùnta | | 1 B/1 G | 1 B | | | | | | | |
| Teaghlaigh | | | | 1 B | | | 1 B | | | |
| Báid Phaisinéara | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán** | **Náid** | **1 B/1 G** | **1 B** | **1 B** | **Náid** | **Náid** | **1 B** | **Náid** | **Náid** | **Náid** |
| **Longa Lastais** | | | | | | | | | | |
| Longa Lastais Ginearálta | | 1 B | | | | | | | | |
| Ro-Ro Lasta | | | | | | | | | | |
| Tancaer | | | | | | | | | | |
| Long Olliompair | | | | | | | | | | |
| Long Coimeádán | | | | | | | | | | |
| Long Iompair Carranna | | | | | | | | | | |
| Bád Oibre Píolòta/Báirse | | | | | | | | | | |
| Árthach Ardaithe Mòrmheáchain | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán** | **Náid** | **1 B** | **Náid** | **Náid** | **Náid** | **Náid** | **Náid** | **Náid** | **Náid** | **Náid** |
| **Báid Iascaigh** | | | | | | | | | | |
| < 15 mhéadar | 5 B | 3 B | 2 B | | 2 B | 4 B | 4 B/ 1 G | 2 B | 1 B | 1 B |
| 15-24 mhéadar | 2 B | 9 B | 1 B | | 1 B/1 G | | 5 B/ 1 G | 3 B | | |
| > 24 mhéadar | | | 1 B | | | 1 B | | | | 2 B |
| **Fo-iomlán** | **7 B** | **12 B** | **4 B** | **Náid** | **3 B/ Gortaíodh 1** | **5 B** | **9 B/ 2 G** | **5 B** | **1 B** | **3 B** |
| **Árthaigh Áineasa** | | | | | | | | | | |
| Árthaigh Scairdscíála | 1 B | 1 B | | | | | | | | |
| Báid Oscailte/Canùnna | 2 B | 2 B | 3 B | 4 B | 8 B | 1 B | 3 B | 1 B | 3 B/ Gortaíodh 1 | |
| Mòtarbháid (Dheiceáilte) | | Gortaíodh 1 | | | 5 B/1 G | | | | | 2 B |
| Báid Seoil | | | 1 B | 1 B | | | 1 B | | 1 B | |
| Báid Innill Mheara/BRI | | | | | 2 B | 1 B | 1 B/ 2 G | | | |
| **Fo Iomlán** | **3 B** | **3 B/1 G** | **4 B** | **5 B** | **15 B Gortaíodh 1** | **2 B** | **5 B/2 G** | **1 B** | **4 B/1 G** | **2 B** |


| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iomlán na dTeagmhas** | **12** | **16** | **10** | **6** | **17** | **13** | **17** | **6** | **7** | **7** |
| **Líon Iomlán a Fuair Bás (B)** | **10** | **17** | **9** | **6** | **18** | **7** | **15** | **6** | **5** | **5** |
| **Líon Iomlán a Gortaíodh (G)** | **0** | **2** | **0** | **0** | **2** | **0** | **4** | **0** | **1** | **0** |
| **Líon Iomlán na nÁrthach i gceist** | **14** | **20*** | **10** | **6** | **18** | **12**** | **18** | **6** | **7** | **7** |

* Fágtar as an áireamh leis an bhfigiúr seo teagmhas ag Geallta Dhún Laoghaire sa bhliain 2007 a raibh 115 soitheach beag, báidíní beaga dingí agus BRI san áireamh, i gceist leis


** Fágtar as an áireamh san fhigiúr sin anteagmhas ag Ceann Chlochair sa bhliain 2011 a raibh cuid mhór cadhaiceanna agus páistí i gceist leis

# Treoghluaiseacht na mBásanna 2006 - 2015


## Báid/Soithigh Phaisinéara





## Longa Lastais




## Báid Iascaigh




## Árthaigh Áineasa



# Ráitis Airgeadais
2015

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Tréimhse Tuairiscíochta: 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015

# Clár Ábhair

| | |
|---|---|
| Ráiteas faoi Fhreagrachtaí | 23 |
| Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Airgeadais | 24 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 25 |
| Ráiteas faoi Ioncaim agus Chaiteachais agus Chúlchistí Coinnithe | 27 |
| Ráiteas faoin Staid Airgeadais | 28 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 29 |
| Nótaí a ghabhann le Ráitis Airgeadais na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2015 | 30 |

# Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird


Don Bhliain dár Críoch an 31 Nollaig 2015

## Freagrachtaí an Bhoird


Éilítear faoi Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000 go gcoinneoidh an Bord, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cuntais chuí ar an airgead uile a fhaigheann sé nó a chaitheann sé. Le linn don Bhord na ráitis airgeadais a ullmhú éilítear go ndéantar:

1. Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
2. Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna.
3. A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le haon chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeacht ábhartha uathu a nochtaítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.
4. Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh an Bord ag feidhmiú.

Tá de fhreagracht ar an mBord leabhair chuí chuntais a choimeád, lena nochtaítear go réasúnta cruinn tráth ar bith an riocht airgeadais ina bhfuil an Bord agus lena gcuirtear ar chumas an Bhoird a chinntiú go sásaíonn na ráitis airgeadais Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chumhdach agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois nó mírialtacht eile a chosc agus a thabhairt chun aire.



Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach



Margaret Bell
Rúnaí

# Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Airgeadais

Don bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 2015

## Freagracht as an gcóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach

Admhaím thar ceann an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí go bhfuil de fhreagracht orainn a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach ar bun don rialú airgeadais inmheánach á choinneáil slán agus a chur i bhfeidhm.

Dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, is féidir a thabhairt leis an gcóras don Rialú Airgeadais inmheánach go ndéantar sócmhainní a chumhdach, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is ceart, agus go ndéantar earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go dtabharfaí earráid faoi deara go tráthúil.

## Gnáthaimh Rialaithe Thábhachtacha

Seo a leanas na bearta maidir le rialú airgeadais a bhí i bhfeidhm i rith na bliana:


- Gach íocaíocht (cé is moite de thuarastail lucht foirne*) a údarú ag beirt ar a laghad de chomhaltaí an Bhoird.
- Gach éileamh maidir le taisteal agus cothabháil a údarú ag comhalta eile den Bhord agus a dheimhniú ionas go bhféadfaidh an Rúnaíocht íocaíocht a dhéanamh ina leith.
- Tá Cóid Iompair i dtaca le Gnó ann do chomhaltaí Boird agus don fhoireann.
- Cuireann an Rúnaíocht staid reatha airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí in iúl dó ag gach cruinniú den Bhord.

Athraíodh, le cinneadh Rialtais, an Roinn Rialtais a dtagann an Bord faoina coimirce ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha go dtí an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le héifeacht ón 1 Eanáir 2006. Thug an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maolú ó Alt 10 (Iniúchadh Inmheánach) den Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit i mí Iúil 2011.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím leis seo go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe airgeadais inmheánach maidir leis an mbliain dar chríoch 31 Nollaig 2015.

## Arna shíniú thar ceann an Bhoird



Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach

* Nóta: Triúr ball buan foirne, ar iasacht ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, atá sa Rúnaíocht ag BITM.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Bord Imscrúdú Taismí Muirí

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013 faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Is é atá sna ráitis airgeadais, an ráiteas faoi pholasaithe ioncaim agus caiteachais agus faoi chúlchistí ioncaim coinnithe, an ráiteas faoin staid airgeadais, an ráiteas faoin sreabhadh airgid agus na nótaí a ghabhann leo. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a leagtar síos faoi Alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000, agus i gcomhréir leis an ngnás cuntasaíochta a bhfuil glacadh go ginearálta leis.

## Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas cruinn cothrom iontu, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é atá de fhreagracht orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuarascáil orthu a thabhairt i gcomhréir leis an dlí infheidhme.

Déantar an t-iniúchadh faoi threoir na dtosca speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena riar agus lena n-oibriú.

Déantar an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir na gCaighdeáin Eitice d'Iniúchóirí atá leagtha síos ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta.

## Scóip na hIniúchóireachta ar na ráitis airgeadais

Is é a bhaineann le hiniúchadh fianaise a fháil, maidir leis na suimeanna agus nithe eile a nochtaítear sna ráitis airgeadais, atá leordhóthanach chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó earráid ba chúis lena leithéid. Tagann san áireamh leis sin:

- measúnú ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Bhoird agus cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go seasta iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad.
- measúnú ar a réasúnta agus atá na meastacháin shuntasacha cuntasaíochta a rinneadh le linn na ráitis airgeadais a ullmhú, agus
- measúnú ar chur i láthair na ráiteas airgeadais tríd is tríd.

Féachtar freisin agus an t-iniúchadh á dhéanamh le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil an Bhoird d'fhonn neamhréir ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shonrú. agus aon ní a bhfuil an chosúlacht air go bhfuil sé mícheart go hábhartha, bunaithe ar, nó i neamhréir ábhartha leis an eolas a ghnóthaigh mé le linn dom an t-iniúchadh sin a dhéanamh a ainmniú. Sa chás go dtugtar faoi deara aon ní a cheapfaí a bheith ina mhíráiteas nó aon neamhréir ábhartha, déanaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil a thabhairt faoi mheas.

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá mé den tuairim go dtugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíorcheart ar shócmhainní, dhliteanais agus staid airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí ar an 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus a chaiteachas sa bhliain 2015 agus

- gur ullmhaíodh iad go cuí de réir gnáthchleachtas inghlactha chuntasaíochta.

Tá mé den tuairim gur leordhóthanach iad taifid chuntasaíochta an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí chun iniúchadh a bheith indéanta ar na ráitis airgeadais go furasta agus go cuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntais.

## Cúrsaí a dtuairiscím le hEisceacht mar gheall orthu

Tuairiscím le heisceacht sa chás nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a raibh gá agam leo don iniúchóireacht, nó sa chás go dtagaim faoi deara

- teagmhas ábhartha ar bith nuair a tharla nach chun na críocha a bhí ceaptha lena aghaidh a cuireadh airgead in úsáid nó nach raibh na hidirbhearta ag teacht leis an údarás rialála a tugadh ina leith, nó sa chás
- nach bhfuil an fhaisnéis i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais lena mbaineann nó leis an eolas a ghnóthaigh mé le linn dom an t-iniúchadh sin a dhéanamh, nó sa chás
- nach léiríonn an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais go bhfuil an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí, nó sa chás
- go bhfuil ann do chúrsaí ábhartha eile a bhaineann leis an modh ar seoladh an gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam i ndáil leis na cúrsaí ar le heisceacht a dhéantar an tuairiscíocht ina leith.

Patricia Sheehan
Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
31 Lúnasa 2016

# Ráiteas faoi Ioncaim agus Chaiteachais agus Chúlchistí Ioncaim Coinnithe

Don Bhliain dár Chríoch an 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | An bhliain dár críoch 31 Nollaig 2015 € | An bhliain dár críoch 31 Nollaig 2014 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais (Vóta Uimh. 31 Fo-mhírcheann D20) | | 277,753 | 262,259 |
| | | 277,753 | 262,259 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail Foirne | 4 | 119,190 | 111,650 |
| Foireann Gníomhaireachta | 4 | 9,761 | 36,109 |
| Táillí Comhaltaí Boird | 5 | 17,776 | 17,773 |
| Cló, Postas agus Stáiseanóireacht | | 22,066 | 7,231 |
| Fógraíocht | | 3,765 | - |
| Dearadh Láithreán Gréasáin | | 7,872 | - |
| Caiteachas ar Imscrúduithe Taismí | 3 | 102,383 | 30,514 |
| Taisteal agus Cothabháil – Comhaltaí an Bhoird | 6 | 3,632 | 3,866 |
| Taisteal agus Cothabháil – Eile | | 888 | 55 |
| Táillí lucht Dlí agus Gairme | | 12,829 | 3,633 |
| Cuntasaíocht | | 8,364 | 3,567 |
| Táillí Iniúchóireachta | | 5,000 | 5,000 |
| Táillí Bainc | | 141 | 118 |
| Oiliúint | | 480 | - |
| Costais Ilghnéitheacha | | 945 | 554 |
| | | 315,092 | 220,070 |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain | | (37,339) | 42,189 |
| Barrachas/(Easnamh) Carnach an 1 Eanáir | | 45,292 | 3,103 |
| Barrachas/(Easnamh) Carnach an 31 Nollaig | | 7,953 | 45,292 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 11.

Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach

Margaret Bell
Rúnaí

# Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Mar atá ar an 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | 31 NOLLAIG 2015<br>€ | 31 NOLLAIG 2014<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Airgead tirim agus comhluachanna in airgead tirim | | 60,646 | 80,137 |
| | | 60,646 | 80,137 |
| **Creidiúnaithe** – Suimeanna atá dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin Iníoctha | 2 | (52,693) | (34,845) |
| **Sócmhainní/(Dliteanais) Reatha Glan** | | 7,953 | 45,292 |
| **Iomlán Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha** | | 7,953 | 45,292 |
| **A Ionannóidh** | | | |
| Chúlchistí Ioncaim Coinnithe | | 7,953 | 45,292 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 11.

Cliona Cassidy B.L.
Cathaoirleach

Margaret Bell
Rúnaí

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Mar atá ar an 31 Nollaig 2015

| | 31 NOLLAIG 2015 | 31 NOLLAIG 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Réiteach an fharasbairr oibriúcháin leis an sreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Brabús/Caillteanas Oibriúcháin | (37,339) | 42,189 |
| Méadú/Laghdú ar Chreidiúnaithe | 17,848 | 5,642 |
| Sreabhadh Airgid glan ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | (19,491) | 47,831 |
| **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** | | |
| Eis-sreabhadh airgid glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 19,491 | 47,831 |
| **Méadú / Laghdú ar Airgead Tirim** | (19,491) | 47,831 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dár Críoch an 31 Nollaig 2015

## Nóta 1. Polasaithe Cuntasaíochta

Leagttar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus polasaithe suntasacha cuntasaíochta atá glactha ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go seasta i rith na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

**a) Eolas Ginearálta**

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000. Chuaigh an Bord i mbun feidhme den chéad uair an 5 Meitheamh 2002. Bunaíodh go foirmeálta é an 25 Márta 2003. Déanann an Bord imscrúdú neamhspleách ar thaismí muirí in Éirinn agus foilsítear tuarascálacha ar na bearta imscrúdúcháin.

D'aistrigh BITM ó cleachtas cuntasaíochta a raibh glacadh leis in Éirinn agus a bhí ar marthain roimhe sin go FRS 102 an 1 Eanáir 2015.

**b) Ráitis faoi Chomhlíontas**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2015 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC) mar a d'fhógair Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Is iad seo an chéad sraith de ráitis airgeadais a d'ullmhaigh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí ar de réir FRS 102. Dáta an aistrithe go dtí FRS 102 ba ea 1 Eanáir 2014. Ní dhearna an t-aistriú chuig FRS 102 aon difear dá staid airgeadais tuairiscithe ná dá fheidhmíocht airgeadais.

**c) Bunús an ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear de réir luachanna córa mar a mhínitear sna polasaithe cuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Taismí Muirí), 2000. Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta a leanas i bhfeidhm go seasta le linn déileáil le nithe a mheastar bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí.

**d) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais**

Baineann na Ráitis Airgeadais leis an tréimhse 12 mí go dtí an 31 Nollaig 2015.

**e) Airgeadra**

Cuireadh na ráitis airgeadais i láthair in Euro (€) arb é freisin airgeadra feidhme an Bhoird.

**f) Deontais Oireachtais**

Is ionann an t-ioncam ó Dheontais Oireachtais agus na fáltais airgid iarbhír i rith na bliana ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus íocaíochtaí a rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i rith na bliana thar ceann fhoireann an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí.

**g) Aoisliúntas**

Tagann lucht foirne Roinne* a bhíonn ar iasacht chun feidhmiú mar Rúnaíocht ag BITM faoi scáth shocruithe pinsin na Roinne lena mbaineann. Dá réir níl aon dliteanas ag an mBord maidir le Pinsin.

* Nóta: Triúr ball buan foirne, ar iasacht ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, atá sa Rúnaíocht ag BITM.

**h) Infháltais**

Tugtar aitheantas d'infháltais ar luach cóir lúide soláthar do fhiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach an soláthar d'fhiacha amhrasacha agus bíonn bonn leis nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí in ann na suimeanna go léir atá dlite dó a bhailiú isteach. Aithnítear gach gluaiseacht maidir leis an soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi Ioncaim agus Chaiteachais agus Chúlchistí Ioncaim Coinnithe.

**i) Airgead tirim agus comhluachanna in airgead tirim**

Tá cuimsithe faoi airgead tirim agus faoi chomhluachanna in airgead tirim taiscí coinnithe faoi ghlaoch i mbainc, infheistíochtaí leachtacha gearrthéarmacha eile in éindí le haibíochtaí tráth a eisiúna trí mhí nó níos lú agus rótharraingtí bainc. Taispeántar rótharraingtí bainc laistigh d'iasachtaí faoi dhliteanais reatha.

## Nóta 2. Creidiúnaithe - méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe - méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin | | |
| Costais Fabhraithe | (52,693) | (34,845) |

## Nóta 3. Costais Imscrúdúcháin Taismí

Tugadh próiseas tairisceana chun críche i rith na bliana 2015 chun painéal imscrúdaitheoirí a chur le chéile – tá scála táillí aontaithe maidir le gach beart imscrúdúcháin a thabhairt chun críche.

I rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2015, thug an Bord 10 mbeart imscrúdúcháin chun críche agus d'fhoilsíodh tuarascálacha ar gach beart imscrúdúcháin. Ar an 31 Nollaig 2015, bhí 6 bheart imscrúdúcháin fós ar siúl gan bheith críochnaithe. Costas ionchasach na hoibre sin is ea €30,990, agus tá sin san áireamh sna costais fabhraithe sa léaráid i nóta 2.

## Nóta 4. Fostaithe agus Aoisliúntas

Tá Rúnaíocht bhuan lena mbaineann triúr lucht foirne á chur ar fáil ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Aisíocadh costais foirne leis an Roinn as leithroinnt deontais an Bhoird. Bhí triúr fostaithe ag an mBord ag deireadh na bliana 2015 agus triúr fostaithe ag deireadh na bliana 2014.

I rith na bliana theastaigh comhalta sealadach agus íocadh an táille ghníomhaireachta sin de €9,761 as na cistí a bhí ar fáil don Bhord Imscrúdú Taismí Muirí.

## Nóta 5. Táillí Comhaltaí Boird

| Comhalta Boird | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cliona Cassidy | 7,618 | 7,617 |
| Brian Keane | 5,079 | 5,078 |
| Michael Frain | 5,079 | 5,078 |
| Brian Hogan | | - |
| Jurgen Whyte | | - |
| **Táillí ina n-Iomláine** | **17,776** | **17,773** |

## Nóta 6. Taisteal Comhaltaí Boird

Íocadh costais taistil de €3,632 in n-iomláine le comhaltaí an Bhoird in 2015 i ndáil le bheith i láthair ag Chruinnithe Boird i rith na bliana 2015; fuair Brian Keane €1,615 agus fuair Michael Frain €2,017. Íocadh na costais go léir de réir Rátaí Taistil na Státseirbhíse.

## Nóta 7. Costais Oibríochtúla

Cuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt cóiríocht oifige, úsáid sócmhainní seasta san áireamh, ar fáil saor ó tháille don Bhord in áitreabh na Roinne i Lána Líosáin, Baile Átha Cliath 2.

Maoiníonn an Bord a chostais oibríochtúla féin cé is moite de chostais na seirbhísí a leanas a chuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar fáil saor in aisce:

- Teileafón & Faics
- Táille phostais, stáiseanóireachta agus phriontála inmheánaí
- Glantachán
- Costais eile oifige ar a n-áirítear soilsiú agus téamh.

## Nóta 8. Cáin

I gcomhréir le hAlt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 níor íocadh aon cháin agus ní éilítear soláthar a dhéanamh do chánachas sna ráitis airgeadais.

## Nóta 9. Comhaltaí Boird: Nochtadh Leasa

Tá nós imeachta glactha chucu féin ag comhaltaí an Bhoird i gcomhréir le hailt 17 agus 18 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

## Nóta 10. Cruinnithe Boird

Bíonn cruinnithe ag an mBord ar bhonn rialta chun cúrsaí oibriúcháin a athbhreithniú. Seo a leanas líon na gcruinnithe boird ar fhreastail gach Comhaltaí Bhoird orthu i rith na bliana 2015:

| | |
|---|---|
| Brian Hogan | 10 |
| Brian Keane | 10 |
| Cliona Cassidy | 9 |
| Michael Frain | 8 |
| Jurgen Whyte | 10 |

## Nóta 11. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais an 31/8/16.

## Nótaí

## Nótaí

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2. Teileafón: 01-6783485. Faics: 01-6783493. www.mcib.ie